# Aonad Oibre Samplach 3
# Céim 1 (Naíonáin Shóisearacha is Shinsearacha): Cruth agus Spás/ Sonraí agus Seans

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

| Curaclam Teanga na Bunscoile/ Sonraíocht Teanga | Curaclam Matamaitice na Bunscoile/ Sonraíocht ETIM |
|---|---|
| **TORTHAÍ FOGHLAMA - GAEILGE** Is samplaí iad na Torthaí Foghlama thíos, iad dírithe ar theanga agus ar thorthaí foghlama an cheachta seo ar leith. D`fhéadfaí iad seo a athrú ag brath ar riachtanais agus ar chumas an ranga.<br><br>*Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla, ba cheart go mbeadh páistí in ann…*<br>**TF4 - Struchtúr abairte agus gramadach**<br>Frásaí coitianta agus abairtí bunúsacha a úsáid<br>**TF8 - Catagóiriú**<br>Rudaí a aithníonn siad a ainmniú (cruthanna) | **Snáithe: Cruth agus Spás/ Sonraí agus Seans**<br>**Snáithaonaid:** Cruth/ Sonraí<br><br>*Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla, ba cheart go mbeadh páistí in ann...*<br>• airíonna cruthanna 2-T a fhiosrú agus a aithint (Spás)<br>• réada agus tacair a réiteach de réir aitreabúid amháin nó níos mó (Sonraí) |

| Cleachtais Oideolaíochta & Gnéithe CMB | Measúnú agus Aiseolas le linn an cheachta |
|---|---|
| **Úsáidfear na <u>Cleachtais Oideolaíochta</u> seo a leanas le linn an cheachta matamaitice. (CMB, lch 26/ Sonraiocht ETIM, lch 82)**<br>·Tascanna dúshlánacha cognaíocha a úsáid.<br>·Comhrá mata a chur chun cinn.<br>·Meon táirgiúil a chothú.<br>·Spraíúlacht a spreagadh.<br>-Béim a chur ar shamhaltú matamaiticiúil.<br><br>**Le linn na n-eispéireas foghlama úsáidfidh na páistí na <u>Gnéithe</u> (CMB, lch 25/ Sonraíocht ETIM, lch 81) seo a leanas:**<br>·Cumarsáid: m.sh. éisteacht le daoine eile<br>·Tuiscint agus Ceangal: m.sh. idirghníomhú agus comhoibriú le piaraí<br>·Réasúnaíocht:m.sh. teacht ar thuiscint conas a dhéanann a smaointe agus a dtuairimí ciall<br>·Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna: m.sh. comparáid a dhéanamh idir smaointe, straitéisí agus cuir chuige | **Breathnóireacht an mhúinteora:** Siúil timpeall le linn an cheachta ag breathnú ar na páistí. Dírigh ar fhoghlaim an ábhair agus ar úsáid na Gaeilge.<br>**Torthaí Foghlama na Gaeilge:** An raibh na páistí in ann frásaí coitianta agus abairtí bunúsacha a rá/a úsáid (TF4)? An raibh na páistí in ann cruthanna/dathanna a d’aithin siad a ainmniú (TF8)?<br>**Idirdhealú** - *Roinnt:* Abairtí bunúsacha a rá agus ceisteanna a chur *Formhór:* Na cruthanna a ainmniú *Gach duine*: Treoracha simplí a leanúint. Beirteanna ar mheascán cumais<br>**Cuspóirí Churaclam Matamaitice na Bunscoile:** An raibh na páistí in ann cruthanna a shórtáil de réir datha, méide, crutha?<br>**Ceistiúchán:** D’fhéadfaí ceisteanna a chur ar na páistí go rialta agus iad i mbun gníomhaíochtaí lena dtuiscint a mheas - ag deireadh an ranga le dul siar ar an bhfoghlaim ábhair agus teanga.<br>**Féinmheasúnú/ Piarmheasúnú:** Úsáid ordóga suas/síos le tuiscint na bpáistí a mheas.<br>**Dialann an mhúinteora:** D’fhéadfaí nótaí a choinnéail den téarmaíocht atá ag teastáil ó na páistí. Coinnigh taifead maidir le páistí a bhfuil cabhair bhreise uathu.<br>**Féinmheasúnú an mhúinteora**: An raibh mé dílis don Mhatamaitic mar ábhar? An raibh béim ar ghníomhaíochtaí le cruthanna? An raibh mé dílis don Ghaeilge? An ndearna mé ionchur teanga oiriúnach? An raibh deiseanna fíorchumarsáide ag na páistí? |

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta Oide

**Teanga:** Tá réimse leathan foclóra agus teanga ag baint leis na ceachtanna seo. Tá teanga féideartha leagtha amach thíos. Ní gá go mbeadh múinteoir ag díriú ar an bhfoclóir ar fad atá luaite anseo. Moltar dul siar ar aon teanga atá ag na páistí cheana agus an teanga nua a thabhairt do na páistí de réir a chéile. D'fhéadfaí an foclóir agus na frásaí nua a úsáid go neamhfhoirmiúil le linn gnáthaimh an lae. Déan iarracht an oiread agus is féidir den fhoclóir a mhúineadh roimh ré mar ullmhúchán do na gníomhaíochtaí mata.

| Teanga an Mhúinteora | Teanga an Mhúinteora |
|---|---|
| **Teanga an Ranga (Bain úsáid as an bhfoirm uatha/iolra nuair is cuí)**<br>Abair é/Abraigí é<br>Béic/Béicigí/Scairt/Scairtigí amach é<br>Níos airde! Níos airde arís!<br>Ní chloisim thú/sibh/<br>Cad a dúirt mé?<br>An bhfuil tú/sibh réidh?<br>An dtuigeann sibh? Ordóg suas/Ordóg síos<br>Ar aghaidh libh!<br><br>**Teanga na nGníomhaíochtaí (Réamh-mhúineadh)**<br>Na Maoluimhreacha:<br>***Dan A:*** An Dán 'Lucha Beaga Buí': Féachaigí ar an bpictiúr. Féachaigí ar na lucha. Cad atá á dhéanamh acu? Féach, tá siad ag ithe píosa cáise. Ach féach, cé hé seo? Cat mór liath! An bhfuil sé dearg? Níl. An bhfuil sé gorm? Níl. Tá sé liath, abraigí é- liath! Cad a dhéanfaidh na lucha? Rithfidh siad amach! Éistigí leis an dán- Abraigí i mo dhiaidhse é. Anois beidh spraoi againn. Tá trí luch uaim, X,Y agus Z tagaigí anseo. Is lucha sibhse. Ligigí oraibh gur lucha sibh. Sin é! An-mhaith. Gach duine ligigí oraibh gur lucha sibh! Anois tá cat mór uaim-cé a bheidh mar chat? Lámha suas? Q, is tusa an cat mór liath. Lig ort gur cat thú! Déarfaimid an dán agus déanfaimid mím beag!<br><br>***Dán B:*** An Dán 'Aon, dó, trí, ceathair, cúig, sé...' Abraigí an dán. Déarfaidh mise é, ansin sibhse. Arís. Anois, a pháistí, imreoimid cluiche. Cuirigí na cártaí ar an mbord, pictiúr síos. Ar do sheal pioc suas dhá chárta, an péire iad? Cad atá agat? Tá a dó agam. Is péire iad. Ní péire iad. Sea/Ní hea. Cuir ar ais iad/Coimeád iad. Tá an bua agat. | ***Dán C:*** An Dán 'a hAon, a dó, muc is bó' Cad é seo? Seo muc, bó, bróga leathair, cupán tae, seanbhean bhocht, císte te. Déarfaimid an dán 'Aon, Dó, Muc is bó'. Éistigí liomsa. Sibhse, abraigí amach é. Go tapa, go mall, go hard, go híseal, ag cogarnaíl.<br><br>Múineadh na gCruthanna (Dán na gCruthanna)<br>Féach a pháistí! Táimid chun féachaint ar na cruthanna inniu. Féach ar cad atá agam. Tá cearnóg agam. Is cearnóg í. Tá triantán agam. Is triantán é. Seo ciorcal. Is ciorcal é. Agus tá dán agam maidir leis na cruthanna. Féachaigí ar an bpictiúr. Seo cearnóg. Karen is ainm di. Éistigí leis an dán. Abraigí an dán. Déarfaidh mise é, ansin sibhse. Arís. Anois, a pháistí, imreoimid cluiche<br><br>Imreoimid Cluiche. Cuirfidh mé na cruthanna ar fad ar an gclár bán. Abraimís le chéile iad- triantán mór, triantán beag, cearnóg mhór, cearnóg bheag, ciorcal mór, ciorcal beag, Tá mo chara Pól (puipéad) ag iarraidh spraoi linn! Ceart go leor, a Phóil, dún do shúile. Ná bí ag féachaint. Agus táim chun ceann de na cruthanna a thógáil. Meas tú cad a bheidh ann? Pól: hhhmmmm Tá ciorcal mór ann agus tá ciorcal beag ann. Tá cearnóg mhór ann ach....níl cearnóg bheag ann! An chearnóg bheag! Thóg tú an chearnóg bheag! Tá an ceart agat, a Phóil. Thóg mé an chearnóg bheag. Féach- is cearnóg bheag í. Cuirfidh mé ar ais í agus tógfaidh mé rud eile. Dúnaigí na súile, a pháistí. Anois cad a thóg mé? |

# Aonad Oibre Samplach 3
# Céim 1 (Naíonáin Shóisearacha is Shinsearacha):
# Cruth agus Spás/ Sonraí agus Seans

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

**Teanga***:* Tá réimse leathan foclóra agus teanga ag baint leis na ceachtanna seo. Tá teanga féideartha leagtha amach thíos. Ní gá go mbeadh múinteoir ag díriú ar an bhfoclóir ar fad atá luaite anseo. Moltar dul siar ar aon teanga atá ag na páistí cheana agus an teanga nua a thabhairt do na páistí de réir a chéile. D'fhéadfaí an foclóir agus na frásaí nua a úsáid go neamhfhoirmiúil le linn gnáthaimh an lae. Déan iarracht an oiread agus is féidir den fhoclóir a mhúineadh roimh ré mar ullmhúchán do na gníomhaíochtaí mata.

| Teanga an Mhúinteora | Teanga an Mhúinteora | Teanga na bPáistí |
| --- | --- | --- |
| **Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 1)**<br>**Mála Méaraíochta (1): Tóg an cruth amach!**<br>Tóg amach 'cearnóg mhór/bheag'. Tóg amach triantán beag/mór. Tóg amach ciorcal mór/beag. Cad é? Cad í? Is triantán (mór/beag) é. Is ciorcal (mór/beag ) é. Is cearnóg (mhór/bheag) í.<br>Anois is tusa an múinteoir. Tar anseo. Cad a thógfaidh mé amach? Anois a Mháire agus a Sheáin, tagaigí suas anseo. A Mháire, cad a thógfaidh Seán amach? (D'fhéadfá dul chomh fada le hobair bheirte/ghrúpa leis seo).<br>**Mála Méaraíochta (2): Cad atá sa mhála?**<br>Hhhmmm, cén cruth atá agam anseo? Tá trí thaobh aige. A haon, a dó, a trí. Is tá sé beag. Agus hhhmmmm n'fheadar cén dath atá air? Dearg b'fhéidir? Nó b'fhéidir go bhfuil sé glas? Hhhhmmmmm, 'Is triantán mór glas é'. [Tóg amach é]. Á bhí mé beagnach i gceart! An triantán é? Is triantán é. An triantán mór é? Is triantán mór é. An bhfuil sé glas? Níl. Is triantán gorm é! Is triantán mór gorm é!<br>**Pictiúr de Roicéad le Cruthanna**<br>Féachaigí ar an bhfíseán. Cad é sin? Tá an ceart agat. Is roicéad é. Hhhhmm déanfaidh mise roicéad le mo chruthanna. Úsáidfidh mé ciorcal anseo, cearnóg anseo, triantáin anseo. An féidir libh roicéid a dhéanamh le cruthanna? | **Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 2)**<br>Anois a pháistí, féach tá a lán cruthanna againne. Bígí ag súgradh leis na cruthanna.<br>Tar éis tamaill: Cad is féidir libh a dhéanamh leo? An féidir iad a shórtáil? Cad a rinne tusa, a Mháire? Chuir tú na triantáin le chéile agus chuir tú na cearnóga le chéile. Rinne tú pictiúr le do chruthanna, a Cháit. Cad iad na cruthanna a d'úsáid tú?<br>Féachaigí ar cad a rinne Tim. Chuir sé na cruthanna móra le chéile agus na cruthanna beaga le chéile. An-mhaith, chuir tú na cearnóga le chéile. Rinne tú tacair de chearnóga. Agus anseo, chuir tú na ciorcail le chéile. Rinne tú tacair de chiorcail anseo. An-mhaith, a Tia! Chuir tú na ciorcail ghlasa le chéile. Is ciorcail ghlasa iad ar fad!<br>**Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 3)**<br>Inniu táimid chun cruthanna a shórtáil arís. Ach táimid chun iad a leagan amach go snasta le léaráidí éagsúla. Féachaigí ar cad atá agam; tá cruthanna agamsa. Féachaigí! Táimse chun na fonsaí seo /na bileoga seo/ an léaráid crainn seo a úsáid len iad a shórtáil. Cuirfidh mé na cruthanna móra anseo. Agus cuirfidh mé na cruthanna beaga ansin. An féidir le héinne é a dhéanamh bealach eile? An-mhaith! Chuir tú na ciorcail le chéile agus chuir tú na cearnóga le chéile. Tá bealaí eile gur féidir liom súgradh le mo thacair. | Aon, Dó, Trí, Ceathar<br>Seo í Karen,/Is cearnóg í,/Ceithre thaobh atá aici,/Aon, dó, trí, ceathair!<br>Seo é Tristan,/Is triantán é,/Tá trí thaobh aige,/Hip Hip huré, Aon, Dó, Trí!<br>Seo é Ré,/Is ciorcal é,/Timpeall is timpeall,/Ní stopann sé!<br><br>Aon, Dó, Trí, Ceathair,<br>Tá cearnóg mhór ag m'athair<br>Aon, Dó, Trí, Aon, Dó, Trí,<br>Tá triantán beag ag mo mhamaí.<br>Ciorcal, ciorcal, le taobh amháin,<br>Tá ciorcal buí ag mo chara Seán.<br><br>Is cearnóg mhór/bheag/ dhearg/ghlas/ghorm/bhuí í.<br>Is triantán mór/beag/ dearg/glas/gorm/buí é.<br>Is ciorcal mór/beag dearg/gorm/glas/buí é.<br>Níl/Tá triantán beag ann.<br><br>Tá siad mar an gcéanna. Téann siad le chéile. |

# Aonad Oibre Samplach 3
# Céim 1 (Naíonáin Shóisearacha is Shinsearacha): Cruth agus Spás/ Sonraí agus Seans

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil an acmhainn seo beartaithe mar threoir inoiriúnaithe. Tugann sé rogha do mhúinteoirí na gníomhaíochtaí agus na tascanna a athrú, a leathnú, nó a shrianú, mar is cuí dá gcomhthéacs.

## Luathchumarsáid agus Réamhghniomhaiocht

**Tréimhse Luathchumarsáide (1): Dathanna agus Teanga na Sortála** Téigh siar ar na gníomhaíochtaí a bhaineann le réamh-mhúineadh na ndathanna ó Aonad Oibre Samplach 1 & 2 agus ar an teanga a bhaineann le sórtáil.

**Tréimhse Luathchumarsáide (2): Na hUimhreacha** (Sleamhnáin 5 - 13) Leis na gníomhaíochtaí seo is féidir tús a chur le comhaireamh as Gaeilge. Tá rogha anseo idir trí dhán a bhaineann leis na maoluimhreacha a mhúineadh. Tabhair faoi deara go mbeidh ar na páistí tabhairt faoi chomhaireamh le linn Aonad Oibre Samplach 4.

**Tréimhse Luathchumarsáide (3): Na Cruthanna** (Sleamhnáin 14 - 17) Tá dánta anseo chun cabhrú le múineadh ainmneacha na gcruthanna agus cur síos simplí a dhéanamh orthu.

**Tréimhse Luathchumarsáide (4): Cluiche Kim le Cruthanna Móra Páipéir** (Sleamhnán 18)

**Gaeilge Laethúil:** Méadaigh cé chomh minic is a chloiseann na páistí frásaí mar 'mar an gcéanna', 'le chéile', 'teánn siad le chéile', 'chuir mé le chéile iad', 'grúpa', 'dathanna'. 'Cad a rinne tú?' (mar shampla má dhéanann páiste pictiúr: 'Cad a rinne tú?' Ag glanadh suas: An-mhaith! Chuir tú na siosúir le chéile'.

## Cumarsáid agus Gníomhaíocht

**Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 1)** (Sleamhnáin 20 - 23)

- **Cluiche Comhairimh** (Sleamhnán 20) Iarr ar na páistí éisteacht leis na ciúbanna agus an múinteoir á scaoileadh isteach i bpróca gloine. Iarr ar na páistí iad a chomhaireamh le súile dúnta.
- **Mála Méaraíochta (1) Tóg an cruth amach!** (Sleamhnán 21) Beidh an mála cruthanna ag páiste agus iarrfar orthu cruth áirithe a thógáil amach as. "Tóg amach 'cearnóg mhór' 'triantán beag' nó 'ciorcal mór' is araile. Cuirfidh an páiste a lámh isteach sa mhála agus tógfaidh siad amach an cruth ceart. Ansin agus an cruth ina lámh ag an bpáiste, cuirfear ceist ar pháistí eile. 'Cad é sin'? Beidh deis acu an cruth a ainmniú. **(Gnéithe: Tuiscint agus Ceangail, Cumarsáid)**
- **Mála Méaraíochta (2) Cad atá sa mhála?** (Sleamhnán 22) Beidh na páistí ag déanamh buille faoi thuairim faoi cén cruth atá sa mhála. Cuir cruth amháin sa mhála (triantán, ciorcal nó cearnóg). D'fhéadfadh sé a bheith beag nó mór. D'fhéadfá na páistí a chur ag déanamh buille thuairim faoi cén dath atá ar an gcruth freisin. Meas tú cén cruth é? Cé mhéad taobh a mhothaíonn tú? An bhfuil sé beag nó mór? Cén dath atá air meas tú? **(Gnéithe: Tuiscint agus Ceangail, Cumarsáid)**
- **Pictiúr de Roicéad a dhéanamh le Cruthanna 2-T (Sleamhnán 23)** Iarr ar na páistí roicéad a dhéanamh leis na cruthanna. Tabhair an rogha do na páistí an roicéad a tharraingt nó fíorchruthanna a úsáid chun roicéad a dhéanamh. Iarr orthu cur síos a dhéanamh ar na cruthanna a d'úsáid siad. Má tá téama eile á phlé agaibh sa Ghaeilge- an teach, ainmhí, aghaidheanna daoine srl. d'fhéadfadh na páistí pictiúr de sin a dhéanamh agus comtháthú a dhéanamh idir an ceacht Gaeilge agus an ceacht seo. **(Gnéithe: Tuiscint agus Ceangail, Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna)**

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
Oide

## Cumarsáid agus Gníomhaíocht

**Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 2)** (Sleamhnáin 24 - 28)

- **Dul Siar:** Téigh siar ar an gcluiche comhairimh ar na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an Mála Méaraíochta ó Phríomhghníomhaíochtaí Matamaitice (Cuid 1)
- **Cruthanna a Shórtáil (Saorshórtáil)** Cuir cruthanna amach ar bhoird na páistí. D'fhéadfá bloic phatrúin nó bloic thréithe is araile a úsáid. Lig dóibh a bheith ag súgradh leo agus iad a shórtáil. Bí ag caint leo agus á gceistiú maidir le cad atá á dhéanamh acu. Bí ag labhairt faoi na cóiriúcháin dhifriúla agus luaigh an focal 'tacar' agus fiafraigh de na páistí cad is 'tacar' ann. Spreag iad le rá leat gur bailiúchán de rudaí a théann le chéile mar go bhfuil siad cosúil le chéile ar shlí áirithe atá ann. Dírigh aird na bpáistí ar obair pháistí ar leith (D'fhéadfá visualiser (amharcléiritheoir) a úsáid). Nó d'fhéadfá 'siúlóid dánlainne' a dhéanamh ag siúl ó bhord go bord leis na páistí agus ag féachaint ar obair a chéile. **(Gnéithe: Cumarsáid/Réasúnaíocht)**

**Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 3)** (Sleamhnán 29)

- **Ag úsáid léaráidí éagsúla don tsortáil:** Léaráid Chrainn/ Venn/ Carroll a úsáid le cruthanna a shórtáil. Cruthaigh deiseanna do na páistí mar chuid den chomhrá chun ainmneacha agus airíonna cruthanna éagsúla a shainaithint, m.sh., tóraíochtaí taisce agus conairí crutha . Lig do na páistí rudaí a shórtáil bunaithe ar a gcruth nó ar a gcuid airíonna crutha, agus a réasúnaíocht a mhíniú, m.sh., ciorcail, triantáin, líon na dtaobhanna. Tá físeán as Béarla faoi conas tabhairt faoin ngníomhaíocht seo ar fáil ag: https://www.pdst.ie/primary/stem/mathematics/ready-set-go **(Gnéithe: Cumarsáid/ Réasúnaíocht/ Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna)**

**Pointí Teagaisc don Aonad Oibre Samplach seo:**

- Cruthaigh deiseanna do na páistí páirt a ghlacadh i bplé uile-ranga nó i ngrúpaí beaga maidir le cruthanna, m.sh., "Céard a thugann tú faoi deara faoin gcruth seo?", "Conas atá an dá chruth seo cosúil/éagsúil lena chéile?"
- Tabhair deis do na páistí obair le piaraí le fadhbanna nó puzail a bhaineann le cruthanna a réiteach – smaointe a phlé, straitéisí a roinnt, agus réasúnaíocht a chosaint go comhoibríoch.

**NÓTA: Moltar na cruthanna 3T a mhúineadh roimh na cruthanna 2T le linn na bliana.**

Aonad Oibre Samplach 3
Céim 1 (Naíonáin Shóisearacha is Shinsearacha):
Cruth agus Spás/ Sonraí agus Seans

## Iarchumarsáid agus Iarghníomhaíocht

- **Measúnú Iarghníomhaíochta:** Ag breathnú agus ag labhairt faoi phictiúir a chéile. *Aimsigh triantán mór. Aimsigh ciorcal glas.*
- **Mol Mata** (Sleamhnán 31) chun dul siar a dhéanamh ar an teanga agus tuiscint na bpáistí ar na hairíonna éagsúla a dhaingniú. Ceistigh na páistí faoi bhealaí éagsúla leis na cruthanna a shórtáil.
- **Dul siar ar na cruthanna:** dánta/méid na dtaobhanna/Cluiche Kim
- **Bileog Oibre deartha ag an múinteoir:** Tá sampla de bhileog oibre ar fáil ar Shleamhnán 32. D'fhéadfaí bileoga oibre roghnacha ó Mhata go Deo (lch 47 - 49) a úsáid chomh maith (https://www.forasnagaeilge.ie/angum/wp-content/uploads/sites/5/2021/02/ffc22d3344608f80d34b9d4210f1ccb3.pdf).
- **Dúshlán Breise:** An raibh teanga eile in úsáid ag na páistí? Airíonna éagsúla? Bí ag labhairt leis na páistí faoin teanga seo. (réalta/ dronuilleog/ leathchiorcal/ tiubh /tanaí-le bloic tréithe)
- **Cartún faoi na Cruthanna:** Tá cartún álainn bunaithe ar chruthanna ar fáil ag an nasc seo: BB agus Bella Eipeasóid 3 Cruthanna: https://youtu.be/-0nTbad3Maw?feature=shared
- **Amhrán faoi na Cruthanna:** Tá amhrán agus damhsa álainn bainteach leis na cruthanna déanta ag Cúla4 ar fáil anseo: https://www.youtube.com/watch?v=TBqpxZujfcw
- Má dhéantar 'Have you got Maths Eyes' sa scoil (féach ar na samplaí ar Shleamhnán 33 agus 34) an féidir leat pictiúr Maths Eyes as Gaeilge a chur le chéile leis an rang bunaithe ar chruthanna?

| Trealamh | Tagairtí |
|---|---|
| • Cur i láthair PowerPoint d'Aonad Oibre Samplach 3<br>• Teilifís chliste/osteiligeoir le callairí (speakers)<br>• Béiríní beaga agus móra, cipíní, ciúbanna de dhathanna éagsúla<br>• Cruthanna: Bloic Tréithe (attribute blocks) / Patrúinbhloic (pattern blocks), cearnóga, triantáin is ciorcail. | • Curaclam Teanga na Bunscoile/Primary Language Curriculum (2019)/ Curaclam Teanga (2025)<br>• Curaclam Matamaitice na Bunscoile/ Primary Mathematics Curriculum (2023)/ Sonraíocht ETIM (2025)<br>• Mol Mata: https://ccea.org.uk/mol-mata/laimhseoga/uirlis-sortal<br>• Mol Churaclam Mata na Bunscoile Oide: https://pmc.oide.ie/ga/<br>• Cluichí Comhairimh: https://pmc-oide.s3.eu-west-1.amazonaws.com/wp-content/uploads/2024/06/24105712/Comhaireamh-Ceim-1-agus-2.pdf<br>• Físeán faoi shórtáil le léaráid: https://www.pdst.ie/primary/stem/mathematics/ready-set-go<br>• Cartún: BB agus Bella Eipeasóid 3 Cruthanna: https://youtu.be/-0nTbad3Maw? |

| **Nótaí an Mhúinteora:** D'fhéadfá nótaí a choinneail den téarmaíocht atá ag teastáil ó na páistí. Coinnigh taifead maidir le páistí a bhfuil cabhair bhreise de dhíth orthu ó thaobh na teanga de nó na matamaitice de. Nó breac nótaí breise síos maidir le hoiriúnacht an cheachta. |
| --- |
| |